COUR DE JUSTICE
DE L'UNION EUROPÉENNE

70
1952 - 2022

PREASEISIÚINT Uimh. 157/22
Lucsamburg, an 20 Meán Fómhair 2022

Breithiúnas i gCásanna Uamtha C-339/20 | VD agus C-397/20 | SR

# Ní údaraítear sonraí tráchta a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach ar feadh bliain amháin ón lá a dhéanann oibreoirí seirbhísí cumarsáide leictreonaí taifead orthu, mar bheart coisctheach, chun críocha dhroch-úsáid an mhargaidh, lena n-áirítear déileáil chos istigh, a chomhrac

*Thairis sin, ní fhéadfaidh cúirt náisiúnta teorainn ama a chur ar na héifeachtaí atá ar dhearbhú go bhfuil reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear do choinneáil dá leithéid neamhbhailí*

Cuireadh an dlí sa Fhrainc ar VD agus ar SR faoi chionta coiriúla maidir le déileáil chos istigh, le déileáil chos istigh a cheilt, le comhpháirteachas, le héilliú agus le sciúradh airgid. Bunaíodh na himeachtaí seo ar shonraí pearsanta a d'eascair as glaonna teileafóin arna gcur ag VD agus SR, a ghintí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí á soláthar, ar chuir Autorité des marchés financiers (AMF) (an tÚdarás um Margaí Airgeadais, an Fhrainc, "AMF") in iúl don chúirt imscrúdaithe, i ndiaidh imscrúdú arna dhéanamh ag an gcúirt imscrúdaithe. (27)

Thug VD agus SR achomharc os comhair an Cour de cassation (an Chúirt Uachtarach, an Fhrainc) i gcoinne dhá bhreithiúnas ón Cour d'appel de Paris (an Chúirt Achomhairc, Páras, an Fhrainc), agus os a comhar bhraith siad ar chásdlí na Cúirte[1] chun a chonspóid go háirithe gur bhraith an t-údarás sin ar Airteagal L. 621 - 10 de CMF agus Airteagal L. 34 - 1 de CPCE chun na sonraí sin a bhailiú, bíodh is nach raibh na forálacha sin i gcomhréir le dlí an Aontais sa mhéid gur foráladh do shonraí naisc a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach leo ar an gcéad dul síos, agus nár cuireadh aon srian leo ar chumhacht imscrúdaitheoirí AMF go gcuirfí na sonraí arna gcoimeád ar fáil dóibh ar an dara dul síos. (30)

Lena hiarraidh ar réamhrialú, fiafraíonn an Cour de cassation (an Ard Chúirt, an Fhrainc) den Chúirt, go bunúsach, an bhfuil comhréiteach le fáil idir forálacha ábhartha na Treorach "maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach"[2], arna léamh i bhfianaise na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt"),[3] le forálacha a d'eascair as an Treoir "maidir le droch-úsáid mhargaidh"[4] agus an Rialachán maidir le droch-úsáid mhargaidh[5], mar chuid de bhearta reachtacha lena ndlitear ar oibreoirí seirbhísí cumarsáide leictreonaí, mar bheart

[1] Breithiúnas an 21 Nollaig 2016, *Tele2 Sverige agus Watson agus páirtithe eile*, C-203/15 agus C-698/15 (féach freisin *CP Uimh. 145/16*).

[2] Airteagal 15(1) de Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO 2002, L 201, lch. 37), arna leasú le Treoir 2009/136/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 (IO 2009 L 337, lch. 11).

[3] Go háirithe, Airteagail 7, 8, 11 agus 52(1) den Chairt.

[4] Airteagal 12(a) agus (d) de Threoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le déileáil chos istigh agus cúbláil mhargaidh (droch-úsáid mhargaidh) (IO 2003 L 96, lch. 16).

[5] Airteagal 23(2)(g) agus (h) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le droch-úsáid mhargaidh (an rialachán maidir le droch-úsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún (IO 2014 L 173, lch. 1).

coisctheach, chun críocha dhroch-úsáid an mhargaidh a chomhrac, lena n-áirítear déileáil chos istigh, sonraí tráchta a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach ar feadh bliain amháin ón lá a dhéantar taifead orthu Sa chás nach bhfuil an reachtaíocht náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais, tógann an chúirt a rinne an tarchur an cheist maidir le héifeachtaí na reachtaíochta sin a chaomhnú go sealadach, ionas go seachnófaí éiginnteacht dhlíthiúil agus go bhféadfaí na sonraí arna gcoinneáil ar bhonn na reachtaíochta seo a úsáid chun críocha déileáil chos istigh a bhrath agus a ionchúiseamh. (59)

Lena breithiúnas arna thabhairt inniu, cinneann an Chúirt Bhreithiúnais, ar an gcéad dul síos, **nach féidir leis an Treoir "maidir le droch-úsáid mhargaidh a bheith ina mbunús dlíthiúil le dlí ar thaifid sonraí tráchta atá i seilbh ag oibreoirí seirbhísí cumarsáide leictreonaí a choinneáil chun críocha na gcumhachtaí a dheonaítear do na húdaráis atá inniúil in ábhair airgeadais faoi na hionstraimí seo a fheidhmiú**. (78)

Ar an dara dul síos, tugann an Chúirt chun cuimhne **gurb í an Treoir "maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach" an gníomh tagartha i dtaobh stórála agus, níos ginearálta, i dtaobh sonraí pearsanta a phróiseáil san earnáil cumarsáide leictreonaí.** Rialaítear leis an Treoir seo taifid sonraí tráchta atá i seilbh ag oibreoirí cumarsáide leictreonaí freisin, ar taifid iad a d'fhéadfadh na údaráis atá inniúil in ábhair airgeadais a éileamh uathu de réir bhrí de réir bhrí na Treorach "maidir le droch-úsáid mhargaidh" agus an Rialacháin maidir le droch-úsáid mhargaidh. Dá bhrí sin, ní mór measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht phróiseáil na dtaifid atá i seilbh ag na oibreoirí seirbhísí cumarsáide leictreonaí i bhfianaise na **gcoinníollacha dá bhforáiltear leis an Treoir "maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach", mar a léirigh an Chúirt.**

Mar sin, rialaíonn an Chúirt **nach n-údaraítear sonraí tráchta a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach ar feadh bliain amháin ón lá a dhéantar taifead orthu, mar bheart coisctheach, chun críocha dhroch-úsáid an mhargaidh, lena n-áirítear déileáil chos istigh, a chomhrac** leis an Treoir "maidir le droch-úsáid mhargaidh" agus an Rialachán maidir le droch-úsáid mhargaidh, arna léamh i gcomhar leis an Treoir "maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach" agus i bhfianaise na Cairte. (85)

Ar an tríú dul síos, deimhníonn an Chúirt a cásdlí amhail go gcuirtear toirmeasc le dlí an Aontais ar chúirt mar atá fúithi de réir dlí náisiúnta, teorainn a chur leis na héifeachtaí ama ar dhearbhú go bhfuil reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí sonraí tráchta agus sonraí suímh a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach neamhbhailí, mar atá fúithi de réir dlí náisiúnta, as siocair neamhréireacht na reachtaíochta sin leis an Treoir "maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach".

É sin ráite, tugann an Chúirt chun cuimhne, i **gcomhréir le prionsabal an neamhspleáchais ó thaobh nósanna imeachta na mBallstát de,** gur faoin dlí náisiúnta atá inghlacthacht na fianaise a fhaightear tríd an gcoinneáil sin, **faoi réir phrionsabal an chomhionannais agus phrionsabal na héifeachtachta, *inter alia*, a chomhlíonadh.** Dlitear leis an bprionsabal seo ar an chúirt choiriúil náisiúnta **neamhaird a dhéanamh ar fhaisnéis agus ar fhianaise a fhaightear trí bhíthin sonraí a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach mar atá ar neamhréir le dlí an Aontais sa chás nach bhfuil na daoine seo ábalta aon rud éifeachtúil a rá maidir leis an bhfaisnéis sin agus maidir leis an bhfianaise sin, a eascraíonn as réimse nach bhfuil eolas ag na cúirteanna faoi agus a d'fhéadfadh tionchar trom a bheith aige ar na fíorais.**

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid féin. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus achoimre an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá an fhógartha.

Teagmháil phreasa: Amanda Nouvel ✆ (+352) 4303 2524

Tá fáil ar íomhánna fógartha an bhreithiúnais ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106

**Fanaigí i dteagmháil!**